Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M. 11046 — IBV / ACEN / ACRI / SINGAPORE JV / TAIWAN JV / PHILIPPINES JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 175/12)

1. An 10 Bealtaine 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— IB vogt (Singeapór) Pte. Ltd., fochuideachta ar lánúinéireacht IB vogt GmbH, ("IBV", an Ghearmáin),

— ACEN CORPORATION ("ACEN") agus ACEN Renewables International Pte. Ltd., ("ACRI"), ar dhá ghnóthas iad atá faoi rialú Ayala Group (na hOileáin Fhilipíneacha).

Gheobhaidh IBV agus ACEN/ACRI rialú comhpháirteach ar JVanna i Singeapór, sa Téaváin agus sna hOileáin Fhilipíneacha de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn IBV gléasraí fótavoltachais lándéanta, lena n-áirítear dearadh agus seirbhísí innealtóireachta, d'infheisteoirí deiridh go hidirnáisiúnta.

— Tá ACEN agus ACRI mar chuid de Ayala Group, ilchuideachta mhór éagsúlaithe, atá gníomhach i measc cuideachtaí eile i nginiúint cumhachta in-athnuaite.

3. Na JVanna i Singeapór, sa Téaváin agus sna hOileáin Fhilipíneacha atá á gcur ar bun mar ardáin infheistíochta chun tionscadail fuinnimh in-athnuaite gréine a fhorbairt, a thógáil, a bheith acu agus a oibriú i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M. 11046 — IBV / ACEN / ACRI / SINGAPORE JV / TAIWAN JV / PHILIPPINES JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË